Cover

An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach

'I dTreo Comhchuspóir a Bhaint Amach'

(page 2 – TableofContents)

An Clár

Réamhrá

Brollach

Tús nua

Ráiteas Cuspóra

An chéad chéim eile

Aguisíní

(page 3)

**Réamhrá: Ráiteas cuspóra agus treophlean**

Is é cuspóir an doiciméid seo díospóireacht fhairsing a spreagadh maidir leis na tosaíochtaí agus na cuspóirí lárnacha atá ann don Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach ina céad plean trí bliana, a fhoilseofar i samhradh nabliana 2014.

Mar atá sonraithe i gceann de na haguisíní den doiciméad seo, tá freagracht dhíreach ar an nGíomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach as raon an-sonrach de sheirbhísí. Teastóidh ón nGníomhaireacht obair i gcomhar le páirtithe leasmhara a bhíonn ag stocaireacht ar son leanaí chun a chinntiú go mbeidh rochtain chothrom ann ar fud na seirbhísí go léirar an raon soláthair reachtúil. Chuige sin, beidh an Ghníomhaireacht lántiomanta de bheith ina pháirtí iontaofa ar féidir brath air.

Luadh arís is arís eile é nach féidir leis an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach uaillmhian na hÉireann a bhaint amach, ó thaobh óige den chéad scoth a chinntiú do gach leanbh sa stát, gan socruithe éifeachtacha comhpháirtíochta oibre a bheith i bhfeidhm le seirbhísí eile, go háirithe seirbhísí sláinte, oideachais, ceartais agus rialtais áitiúil.

Le linn na tréimhse arna cuimsiú sa chéad phlean trí bliana ag an nGníomhaireacht, cuirfear le raon na gCoistí Seirbhísí Leanaí ionas go mbeidh clúdach iomlán náisiúnta ann. Tá an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach tiomanta de fóir iomlán a bhaint as an deis rialachais sin. Tuigtear anois go mbaineann leanaí amach barr a gcumais i gcás go bhfuil siad i dtimpeallacht shlán, shábháilte, timpeallacht ina bhfuil siad ag foghlaim agus ina bhfuil grá á thabhairt dóibh.

Mar sin, déan an doiciméad seo a léamh, a mheas agus a léirmheas. Tá sé den riachtanas go bhfuil ár dtosaíochtaí ag teacht leis an tosaíochtaí is práinní do leanaí na hÉireann. Tá sé ríthábhachtach go mbeadh ár dtosaíochtaí ag teacht leis an tosaíochtaí atá agaibhse. Tá an Ghníomhaireacht tiomanta de bheith ag obair ar bhonn comhpháirtíochta agus an chomhpháirtíocht sin a cheiliúradh. Dá bhrí sin, cuirtear fáilte roimh gach tuairim agus muid ar ár ndícheall bheith cuimsitheach, breathnú lasmuigh den eagraíocht agus bheith sofhreagrach.

Tá ceistneoir ag gabháil leis an leabhrán seo agus ní foláir sin a chur ar ais chuig emma.dodrill@tusla.ie faoin 25 Aibreán 2014. Is mór againn do chion ina leith seo agus do thiomantas obair ar son leanaí na hÉireann. Tá mé ag súil go mór bualadh libh le linn an chomhairliúcháin seo.

Gordon Jeyes

Príomhfheidhmeannach

An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach

An 30 Eanáir 2014

(page 4)

An chúis a bhfuilimid ann

- Táimid tiomanta de tús áite a thabhairt do riachtanais leanaí ar an gcaoi seo:
- Leanaí agus a dteaghlaigh a choinneáil saor ó dhíobháil
- Leanaí agus teaghlaigh a chumasú ionas go ndéanfaidh siad cinntí maithe faoina sláinte agus faoina stíl mhaireachtála
- Cuidiú le leanaí agus teaghlaigh páirt a ghlacadh san oideachas
- Cuidiú le leanaí bheith ina saoránaigh ghníomhacha, a mbeidh ar a gcumas bheith neamhspleách go heacnamaíoch.

(page 6)

**Brollach**

Beidh an ráiteas cuspóra tosaigh seo ina threophlean don fhoireann chun muid uile a spreagadh le bheith cruthaitheach, cuiditheach agus páirt a ghlacadh sa chomharcheannaireacht.

Le bunú na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach tá an deis ann anois smaoineamh ar bhealach éagsúil, agus fiú feidhmiú ar bhealach éagsúil más gá, ag féachaint le raon leathan de thuairimí a fháil maidir leis na mbealach is fearr raon leathan seirbhísí a sholáthar do leanaí agus dá dteaghlaigh. Deis atá ann freisin aghaidh a thabhairt ar an dúshlán cur chuige a fhorbairt atá sofhreagrach, cuimsitheach agus muid ag smaoineamh orthusan lasmuigh den eagraíocht.

Le deich mbliana anuas rinneadh anailís arís is arís eile agus cuireadh an iliomad moltaí ar fáil. Bhí a lán den anailís sin géarchúiseach agus rinneadh gach moladh le dea-rún. Le linn an dá bhliain dheireanacha den Chlár Athchóirithe, rinneadh obair chun cuíchóiriú a dhéanamh ar an gcur chuige I leith roinnt téamaí lárnacha. Is eagraíocht í an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach atá ar a bealach le bheith ina heagraíocht a bheidh ag foghlaim. Ar ár n-aistear beimid ag obair i ndlúthchomhar le cliaint agus le páirtithe, ag dul i gcomhairle le leanaí agus le daoine óga maidir le gach cinneadh a dhéanfar a rachaidh I bhfeidhm orthu, agus thar aon ní eile, i gcomhairle le daoine óga faoi bheartas agus faoi chur i bhfeidhm ionas go mbeimid in ann leas a bhaint as a ngaois phraiticiúil.

Le gach scil, cáilíocht agus disciplín gairmiúil beifear ag forbairt na seirbhísí is éifeachtaí agus is féidir do leanaí. I ngach iarracht beidh gá le gairmiúlacht a dhíríonn orthusan lasmuigh den eagraíocht, gairmiúlacht atá fréamhaithe sa teoiric, bunaithe ar fhianaise, soiléir maidir lena luachanna agus thar aon ní eile ar thaobh an phobail, go háirithe ar thaobh an linbh.

Is gá an stádas céanna a thabhairt don tiomantas do leanaí, do theaghlaigh agus do phobail is a thabharfar dár bpiarghrúpa gairmiúil agus dár gcomhghleacaithe.

Mar Phríomhfheidhmeannach, beidh mé ar mo dhícheall obair leis an bhfoireann, agus ar son na foirne, chun a chinntiú go dtapóidh an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach an deis seirbhísí a sholáthar le leas leanaí ag croílár a gníomhaíochtaí uile. Tá mé ag tnúth go mór bheith ag obair i gcomhar le comhpháirtithe, le cliaint agus le páirtithe leasmhara eile chun freagairt go foirfe agus go comhtháite do riachtanais leanaí agus dá dteaghlaigh. Ní féidir leis an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach é seo a dhéanamh as a stuaim féin. Tá freagrachtaí thar a bheith sonrach ar an nGníomhaireacht, ach tá an eagraíocht ag obair le dreamanna eile chun a chinntiú go mbeidh óige den chéad scoth ag na leanaí atá ina gcónaí in Éirinn sa lá atá inniu ann.

Ní plean straitéiseach é an ráiteas straitéise atá sonraithe thall. Tá an plean sin le teacht. Ach is ráiteas cuspóra agus treophlean atá ann. Baineann sé le hathrú agus le leanúnachas.

(page 10)

**Ráiteas Cuspóra**

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS)

An Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh (GTT)

An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais (BNLO)

Seirbhísí a fhreagraíonn do chásanna d'fhoréigean teaghlaigh, gnéasach agus inscne-bhunaithe

An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach

Is í an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach an chéad eintiteas dlíthiúil atá ann chun díriú go heisiach ar thacú le leanaí agus lena dteaghlaigh. Tugtar le chéile sa Ghníomhaireacht nua na Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh a bhíodh i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), sa Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh, sa Bhord Náisiúnta Leasa Oideachais (BNLO) agus sna seirbhísí a fhreagair d'fhoréigean teaghlaigh, gnéasach agus inscne-bhunaithe. Anuas air sin, tá freagracht reachtúil ar an nGníomhaireacht as seirbhísí síceolaíochta a sholáthar do leanaí agus do theaghlaigh.

(page 13)

Ráiteas Cuspóra

Tá súil ag Bord na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach go bhfeidhmeoidh an Ráiteas Cuspóra seo mar spreagadh don díospóireacht faoi fhís agus faoi thodhchaí na Gníomhaireachta.

Beidh an Gníomhaireacht ag féachaint le feabhsúcháin a bhaint amach sna réimsí seo:

- Beartas, gnáthaimh agus cleachtas

- Forbairt an fhórsa oibre
- Feabhsúcháin seirbhíse
- Obair Chomhpháirtíochta
- Dearbhú Cáilíochta
- Leithdháileadh acmhainní

Cé go bhfuil an ghníomhaireacht beag i gcomparáid le FSS, tá an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach fós féin ar cheann de na gníomhaireachtaí is mó san earnáil phoiblí sa Stát, le 4,000 fostaí agus buiséad a sháraíonn €600 milliún.

Sa méid go bhfuil fréamhacha ag an nGníomhaireacht nua sa phobal, trí rannpháirt na Gníomhaireachta um Thacaíocht Teaghlaigh agus le dearcadh oideachais an Bhoird Náisiúnta Leasa Oideachais, agus ag obair i gcomhar le hoibrithe sóisialta agus síceolaithe, beidh an eagraíocht nua in ann raon cuimsitheach uathúil de sheirbhísí a sholáthar feadh an chontanam cúraim. Sa chur chuige cuirfear san áireamh láidreachtaí agus iarrachtaí leanaí, teaghlach, scoileanna agus pobal. Leanbh amháin, plean amháin, a lán dearcthaí.

Tarlóidh a lán athruithe sna chéad trí bliana eile, beidh a lán dúshláin ann agus beidh a lán deiseanna ann do leanaí agus do theaghlaigh ar fud na hÉireann. Sa phlean seo leagtar amach conas a rachaidh an Ghníomhaireacht i ngleic leis na saincheisteanna agus na dúshláin sin a d'fhéadfadh a theacht chun cinn. Tá spriocanna uaillmhianacha sa phlean seo, ní hé amháin chun a chinntiú go leanfar ag soláthar na seirbhísí reatha ach chun go bhforbrófar na seirbhísí sin chomh maith.

Sa méid go bhfuil níos mó srianta anois ar airgeadas poiblí níl mórán de dheis ann cur leis na hacmhainní atá ar fáil agus tá béim níos mó ann ar luach ar airgead a bhaint amach. Ní bheidh an deis chéanna ag an nGníomhaireacht acmhainní a sholáthar agus beidh ar an eagraíocht díriú ar bhealaí eile chun seirbhísí a dhaingniú. Cibé scéal é, beidh sé mar uaillmhian ag an nGníomhaireacht gníomhú go dearfach ar son na leanaí is leochailí.

**Guth an Linbh**

Má léirítear meas orthu nuair atáthar ag dul i gcomhairle leo is féidir leis an léargas a chuireann leanaí agus daoine óga arfáila bheith ina léargas thar a bheith luachmhar. I sochaí ár linne, féadtar guth a thabhairt don leanbh – ag tógáil ar an leasú a rinneadh ar an mbunreacht maidir leis sin. Tabharfar tús áite do leasa leanaí. Cé go n-aithnítear go bhfuil an ceart ag leanaí go n-éistfí lena dtuairimí is gá i gcónaí a chur san áireamh go bhfuil siad ina gcleithiúnaithe. Féachfaidh an Ghníomhaireacht le tacaíocht a chur ar fáil do theaghlaigh a chuireann timpeallacht ghrámhar ar fáil dá leanaí, an obair a dhéanann siad a dhaingniú agus cur leis an obair sin – teaghlaigh a leagann síos teorainneacha soiléire – teorainneacha inar féidir le leanaí a bhrath go bhfuil siad slán, ina ndéanann siad cinntí maithe agus ina nglacann siad páirt chuspóireach san fhoghlaim.

(page 14)

**Ráiteas Cuspóra**

Ár gCuspóir

An chúis a bhfuilimid ann

- Táimid tiomanta de tús áite a thabhairt do riachtanais leanaí ar an gcaoi seo:
- Leanaí agus a dteaghlaigh a choinneáil saor ó dhíobháil

- Leanaí agus teaghlaigh a chumasú ionas go ndéanfaidh siad cinntí maithe faoina sláinte agus faoina stíl mhaireachtála
- Cuidiú le leanaí agus teaghlaigh páirt a ghlacadh san oideachas

Cuidiú le leanaí bheith ina saoránaigh ghníomhacha, a mbeidh ar a gcumas bheith neamhspleách go heacnamaíoch

Na nithe atá tábhachtach dúinn

Déanfar tiomantas laethúil na Gníomhaireachta a mheas bunaithe ar chumas na heagraíochta luachanna a fhíorú ina n-iompraíochtaí a léiríonn aontacht cuspóra agusdílseacht do riachtanais leanaí, crógacht i mbaint amach na luachanna agus nuálaíocht bunaithe ar aigne oscailte ionas go mbeartófar ar an gcur chuige is éifeachtaí.

Croíluachanna

Meas

Léireoimid dínit agus meas ar gach duine a mbeimid ag plé leo – leanaí, teaghlaigh agus comhghleacaithe.

Ionracas

Beimid iontaofa sa bhealach a ndéanfaimid ár gcuid oibre ar na bealaí seo:

Cloífimid leis na caighdeáin is airde gairmiúlachta, eitice agus freagrachta pearsanta.

Beidh tábhacht ar leith ag baint le rúndacht.

Beidh ár gcroí sna nithe a dhéanfaimid agus glacfaimid freagracht as ár gcinntí.

Cothroime

Beimid tiomanta de timpeallacht a chruthú ina mbeidh meas ar ghuth an linbh agus an duine óig agus ina dtacófar le teaghlaigh, le haird ar leith i gcónaí ar na cúinsí i gceist.

Comhoibriú

Cothóimid timpeallacht chomhtháite oibre ar na bealaí seo:

Aithneoimid an méid is féidir le leanaí, teaghlaigh, foireann agus cúramóirí a dhéanamh agus léireoimid meas air sin.

Cothóimid cultúr de ghníomhaireachtaí ag obair i gcomhar lena chéile.

Comhbhá

Déanfar cúram de leanaí, de theaghlaigh agus de chomhghleacaithe agus tacófar leo nuair a bheidh gá acu leis sin.

(page 15)

Ár bhFís

An uaillmhian againn ná seirbhísí a fhorbairt a chinnteoidh

Go mbeidh leanaí agus teaghlaigh ina mbunchuid dá bpobail agus go gcaithfear leo le meas sna pobail sin agus go gcaithfidh na gníomhaireachtaí a n-oibrímid i gcomhar leo leis na leanaí agus na teaghlaigh sin ar bhealach a léiríonn meas orthu.

Go rachfar i gcomhairle le leanaí agus teaghlaigh maidir le cinntí a théann i bhfeidhm orthu agus go mbeidh tionchar acu ar fhorbairt beartais.

Go gcuideofar le teaghlaigh teorainneacha soiléire a shocrú agus timpeallachtaí grámhara a choinneáil.

Go mbeidh seirbhísí tacaíochta fianaisebhunaithe ar fáil, idir luath-idirghabháil agus dianseirbhísíi dtimpeallachtaí grámharaagus go mbeidh áitribh oiriúnach don fheidhm atá leo.

Go mbraithfidh an fhoireann go bhfuil meas orthu agus go gcuirfidh siad le forbairt agus soláthar seirbhísí chuig an gcaighdeán is airde agus is féidir.

Go ndéanfaidh an fhoireann machnamh agus féinmheastóireacht ghairmiúil i leith na ndeiseanna a bheidh ann an dea-chleachtas a mhúnlú.

Go ndéanfar cinntí agus go mbeidh údaráis ag feidhmiú ag an leibhéal is áitiúla agus is indéanta.

**Réimse Fócais ár gcuid oibre**

**Fócas 1**

A chinntiú go bhfuil na gairmithe uile ag obair ar mhaithe le comhfhís agus comhfhealsúnacht a bhaint amach chun torthaí maithe a bhaint amach do leanaí agus obair laistigh den tSamhail Ilghníomhaireachta Soláthair Seirbhíse atá ag teacht chun cinn.

**Fócas 2**

Rannpháirtíocht leanaí, daoine óga agus teaghlach a chur chun tosaigh sa phleanáil ionas go n-éistfear leo agus go gcuirfear a dtuairimí san áireamh san fhorbairt seirbhíse.

**Fócas 3**

Cultúr a fhorbairt, a stiúradh agus a chothú i measc gníomhaireachtaí comhpháirtíochta eile a bheidh ina léiriú ar an gcomhoibriú, ar an gcomhthuiscint agus ar an muinín.

**Fócas 4**

Timpeallacht oibre a chothú ina mbaineann daoine amach barr a gcumais, ina bhfuil cultúr bunaithe ar luachanna agus ina bhfuil an tseirbhís sofhreagrach agus cuimsitheach.

**Fócas 5**

Cuíchóiriú agus dearbhú cáilíochta a dhéanamh ar sheirbhísí ionas go mbeidh na seirbhísí sin ina gcontanaim tacaíochta bunaithe ar an anailís ar riachtanais agus a fhreagróidh go héifeachtach, go críochnúil agus go comhréireach leis na riachtanais.

**Fócas 6**

Feidhmiú de réir na n-acmhainní atá ar fáil dúinn agus ar an gcaoi sin tús áite a thabhairt d’acmhainní áirithe, iad a bhainistiú agus a leithdháileadh chun an leas is fearr agus is féidir a bhaint astu.

(page 16)

**Ráiteas Cuspóra**

I dTreo Creata d'Fheidhmíocht Oibríochtúil

Chun na réimsí fócais thuasluaite a bhaint amach is gá an fheidhmíocht a phleanáil agus a mheas go héifeachtach. Beifear ag díriú ar thorthaí agus chuige sin beidh gá le roinnt beart nua agus cuíchóiriú a dhéanamh ar na bailiúcháin reatha sonraí. I gcoitinne, féachfaidh feidhm phleanála agus feidhmíochta na heagraíochta le tacaíocht a sholáthar do gach sruth oibre, lena n-áirítear:

- Rialachas agus socruithe eagraíochtúla
- Airgeadas & socruithe soláthair
- TFC
- Soláthar Foirne
- Seirbhísí Corparáideacha
- Pleanáil agus Tomhas Feidhmíochta
- Soláthar Seirbhísí
- Cáilíocht agus Riosca

Roinnt Critéar chun Bearta Tábhachtacha Straitéiseacha a Shocrú

1. An fhéidearthacht atá an tionchar a imirt ar sheirbhísí do leanaí in Éirinn agus feabhas a chur ar na seirbhísí sin.
2. An cumas atá ann cur leis na cláir reatha athchóirithe a bhí ann sna Seirbhísí Leanaí agus Tacaíochta Teaghlaigh, FSS, sa Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh agus sa Bhord Náisiúnta Leasa Oideachais, an leas is fearr agus is féidir a bhaint as an soláthar foirne atá ann faoi láthair agus as láidreachtaí na foirne sin, cinnteoireacht a chur chun cinn ag an leibhéal is áitiúla agus is praiticiúla agus is féidir agus an tsaoirse a thabhairt don fhoireann féachaint le bealaí nua, níos tíosaí, a aimsiú le bheith ag obair ar bhonn áitiúil.
3. Céannacht nua na Gníomhaireachta a chur chun cinn bunaithe ar na luachanna a aontaíodh agus é seo a bheith le sonrú ar ghnáth-iompar na foirne.
4. Feabhas a chur ar ghnáthsholáthar seirbhíse ar fud na hÉireann lena chinntiú go mbeidh na seirbhísí sin cuntasach, comhleanúnach agus trédhearcach.

(page 17)

Eochair-ráitis Bheartaithe Chuspóra

1. Contanam comhleanúnach, struchtúrtha idirghabhála dóibhsean atá i mbaol.
2. Bainistiú réamhghníomhach ar atreorú agus ar mheasúnú.
3. Tacaíocht thráthúil, luath, iomchuí idirghníomhaireachta do leanaí agus do theaghlaigh a d'fhéadfadh bheith leochaileach.
4. Comhpháirtíocht mhaith le leanaí, le tuismitheoirí agus le pobail.
5. Comhpháirtíocht éifeachtach leanaí san fhoghlaim.
6. Córas cúraim atá leanbh-láraithe agus sofhreagrach,lena n-áirítear socruithe feabhsaithe iarchúraim, le tiomantas léirithe ar fud na ranna rialtais.
7. Cainníocht agus cáilíocht níos fearr sonraí.
8. Oibriú lena chinntiú go gcomhlíontar na gealltanais go léir in *ChildrenFirst* agus go bhfeabhsaítear iad de réir na n-ionchas poiblí sula dtarlóidh aon athrú reachtúil a moladh.
9. Bainistiú comhsheasmhach taifead.
10. Seirbhís lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre a chur ar bun.
11. Cloí le caighdeáin agus beartais shainráite náisiúnta ar fud na seirbhísí uile.

12. Cumarsáid phoiblí agus céannacht níos fearr don Ghníomhaireacht.
13. Fórsa oibre láidir a fhorbairt ag díriú go háirithe ar dhaoine a earcú atá ardoilte, a bhfuil suim acu san obair agus atá ilchineálach.
14. A chinntiú go mbaintear amach luach ar airgead agus go gcoinnítear an caiteachas ag an leibhéal is ísle agus is féidir.
15. Tús áite a thabhairt d'acmhainní agus do sheirbhísí áirithe agus iad a leithdháileadh de réir mar is gá.
16. Cloí go hiomlán le ceanglais reachtúla.

(page 18)

**An Chéad Chéim Eile**

(page 19)

Is í teist an ráitis chuspóra seo torthaí na mbeart agus feabhsú na seirbhísí. Beidh ról tábhachtach againn go léir i soláthar na seirbhísí ar bhonn leanúnach agus i bhfeabhsú na seirbhísí sin. Beidh géarghá le ceannaireacht leanúnach agus tacaíocht ón mBord agus ón bhFoireann Bainistíochta.

Beidh tábhacht ar leith ag baint le díospóireacht a bheith ann faoi na luachanna coiteanna agus faoi ról seirbhísí leanaí mar chroíthosaíochtaí. Beidh seo bunriachtanach chun plean straitéiseach iomlán a fhorbairt agus a sholáthar don Ghníomhaireacht – plean a mbeidh an creat nua bainistiú feidhmíocht ina bhonn is ina thaca leis mar a aontaíodh leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige.

Cuirtear deis ar leith ar fáil le bunú na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach. Tá moill fós in 2014 ar chúrsaí sa timpeallacht oibre i seirbhísí poiblí na hÉireann mar thoradh ar shrianta acmhainní agus earcaíochta. Cruthaíonn sin comhthéacs atá dúshlánach agus éiginnte. D'ainneoin sin. Is deis ar leith atá i gcruthú na Gníomhaireachta chun an leas is fearr agus is féidir a bhaint as an méid a dhéanann gach ball foirne, de réir mar a fhoghlaimímid agus de réir mar a théimid i dtreise chun bheith inár bhfoireann níos láidre, níos éifeachtaí, chun iompraíochtaí indibhidiúla a thiomsú chun cultúr leanbh-lárnaithe a chothú – ar féidir linn go léir a bheith mórálach as.

*Táimid ar ár ndícheall stocaireacht agus feidhmiú ar son leas an libh, gach tráth.*

*Táimid ag tnúth go mór bheith ag obair leat sa fhiontar spreagúil nua seo.*

(page 20)

Aguisíní

Ionaid Acmhainní do Theaghlaigh

Seirbhísí Cosanta Leanaí

Seirbhísí Malartacha Cúraim

Seirbhísí Éigeandála agus Lasmuigh de Ghnáthuaireanta Oibre

Páistí Dealaithe ag Iarraidh Tearmainn

Seirbhísí Uchtála

Seirbhísí Luathbhlianta

Forbairt Fórsa Oibre

Seirbhísí a Fhreagraíonn do Chásanna d'Fhoréigean Teaghlaigh, Gnéis agus Inscne-bhunaithe

Measúnachtaí Teaghlaigh arna nDéanamh faoi Ordú Cúirte Alt 20

Seirbhísí Leasa Oideachais

Clár Críochnaithe Scoile

Scéim Teagmhala Baile, Scoile is an Phobail

Oifigigh Leasa Oideachais



Aguisín 1

Achoimre ar chaiteachas 2014

Faoi láthair tá a lán gníomhaíochta ar bun chun nuachóiriú a dhéanamh ar shocruithe ionaid costais na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlaigh. Glacadh le héagsúlachtaí códaithe san eagraíocht níos mó, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, mar thoradh ar bhainistiú déabhlóidithe agus cur chuige comhtháite.Is é atá beartaithe leis sin ná cur síos i bhfad níos sonraí a sholáthar ar an gcaiteachas ag féachaint le costáil bheacht a sholáthar, in am trátha, do gach idirghabháil agus é sin miondealaithe ina dhá cuid – costais túslíne agus forchostas corparáideach.

Cé go bhfuil an obair seo idir lámha, ní miste fós féin cur síos a dhéanamh ar chomhpháirteanna leathana ollchaiteachas bliantúil *na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlaigh,* ollchostas de €602 milliún. Tabhair faoi deara gur slánaíodh na figiúir chun go mbeadh an cur síos níos soiléire agus ní léiriú é ar mhionsonraí an chaiteachais.

Comhdhéanamh Ginearálta an Bhuiséid

| Catagóir | |
|---|---|
| Soláthar Foirne | €235 milliún |
| Cúram altramais | €100 milliún |
| Deontais don earnáil phobail lena n-áirítear seirbhísí a sholáthar chun freagairt d'Fhoréigean Teaghlaigh agus Inscne-bhunaithe | €100 milliún |
| Deontas críochnaithe scoile | €25 milliún |
| Deontais d'Ionaid Acmhainní do Theaghlaigh Agus cláir bhainteacha náisiúnta | €21 milliún |
| Seirbhísí Leasa Oideachais | €3 mhilliún |
| Costais Dhlíthiúla | €18 milliún |
| Ionaid chónaitheacha agus costais bhainteacha eile | €90 milliún |
| Iomlán | €602 milliún |

Tá an *Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach* freagrach faoin Acht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013 as raon leathan seirbhísí. Tá dualgais ar leith ar an nGníomhaireachta faoin Acht um Chúram Leanaí, 1991 agus faoin Acht Oideachais (Leas), 2000. Faoin reachtaíocht, a tháinig i bhfeidhm an 1 Eanáir 2014, tá na nithe seo a leanas de fhreagracht ar an nGníomhaireacht:

Tacú le forbairt, leas agus cosaint leanaí agus le feidhmiú éifeachtach an teaghlaigh agus iadsan a chur chun cinn.

Cúram agus cosaint a thairiscint do leanaí i gcás nach bhfuil nó nach dócha go mbeidh a dtuismitheoirí ina ann an cúram is gá a dhéanamh dá leanaí. Chun a feidhmeanna a chomhlíonadh, tá sé de dhualgas ar an nGníomhaireacht seirbhísí a chothú agus a fhorbairt a bhfuil gá leo chun na tacaí sin a sholáthar do leanaí agus teaghlaigh, agus seirbhísí áirithe a chur ar fáil ar mhaithe le leas síceolaíochta leanaí agus teaghlach.

Freagracht as a chinntiú go bhfreastalaíonn gach leanbh sa Stát ar scoil nó go bhfaigheann siad oideachas ar bhealach eile, agus seirbhísí leasa oideachais a sholáthar chun tacú le freastal, rannpháirtíocht agus coinneáil scoile leanaí agus monatóireacht a dhéanamh air sin. A chinntiú go mbeidh leas an linbh ag stiúradh na gcinntí uile a dhéanfar a rachadh i bhfeidhm ar leanaí indibhidiúla.

Dul igcomhairle le leanaí agus le teaghlaigh ionas go gcuideofar le cruth bheartais agus sheirbhísí na Gníomhaireachta.

Comhoibriú idirghníomhaireachta a dhaingniú chun a chinntiú go mbeidh seirbhísí foirfe an, a fhreagraíonn do na riachtanais.

Taighde a dhéanamh a bhaineann lena feidhmeanna agus faisnéis agus comhairle a sholáthar don Aire i ndáil leis na feidhmeanna sin.

Is trí mheán na seirbhísí reatha seo a leanas a chomhlíontar an raon leathan seirbhísí sin:

**1. Seirbhísí Tacaíochta do Theaghlaigh**

1.1 Seirbhísí arna soláthar ag an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlaigh;

Seirbhísí pobail a chuireann Oibrithe Cúraim Pobail ar fáil

Seirbhísí a chuireann Oibrithe Tacaíochta don Teaghlach ar fáil

Clár MarteMeo

Seirbhís Comhdhála Leasa Teaghlaigh

Clár na nIonad Acmhainní do Theaghlaigh

Seirbhísí Comhairleoireachta

Comhairleoireacht Phósta agus Chaidrimh

Cúrsaí Ullmhúcháin don Phósadh

Comhairleoireacht Leanaí i ndáil le scaradh tuismitheoirí

ComhairleoireachtMhéála agus tacaíochta ar bhás bhall an teaghlaigh

Rainbows

1.2 **Seirbhísí gníomhaireachta neamhreachtúla**;

Déanann an *Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach* coimisiúnú ar sheirbhísí tacaíochta teaghlaigh ó raon leathan de ghníomhaireachtaíneamhreachtúla ar bhonn áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta.

(page 24

**Aguisín 2**

Gníomhaíocht Seirbhíse

2. **Seirbhísí Cosanta Leanaí**
   Córas Fógartha Náisiúnta Cosanta Leanaí (CPNS)
   Seirbhísí Atreoruithe agus Measúnaithe Cosanta Leanaí
   Seirbhísí Cás-Chomhdhála Cosanta Leanaí
   Seirbhís Chomhordúcháin um Mí-úsáid Leanaí

3. **Seirbhísí Malartacha Cúraim**
   *Seirbhísí Altramais*
   Seirbhísí altramais (earcaíocht, measúnacht, oiliúint agus maoirseacht agus tacaíocht)
   Seirbhísí athbhreithnithe Cúraim Altramais
   Teaghlaigh altramais

   *Cúram Speisialta:*
   Ionaid Cúraim Speisialta

   Teiripe ACTS agus tacaíocht do leanaí i gCúram Speisialta nó faoi choinneáil agus atá I mbaol go gcuirfí iad I gCúram Speisialta.

   *Seirbhísí cónaitheacha*
   Cúram Ginearálta Cónaitheach (Reachtúil agus neamhreachtúil)

   *Iarchúram*
   Oibrithe iarchúraim
   Cúram altramais
   Ionaid buail isteach

4. **Seirbhísí Éigeandála agus Lasmuigh de Ghnáthuaireanta Oibre**
   Seirbhísí d'Ógánaigh Gan Dídean
   Seirbhís Idirghabhála Géarchéime
   Seirbhís Éigeandála Áiteanna Sábháilte
   Seirbhís Éigeandála Oibre Sóisialta Lasmuigh de Ghnáthuaireanta Oibre

5. **Leanaí Dealaithe ag Iarraidh Tearmainn**
   Aonaid chónaitheacha iontógála ghearrthéarmacha Oibre Sóisialta
   Aonad cónaitheach níos fadtéarmaí
   Seirbhís socrúcháin teaghlaigh altramais

6. **Seirbhísí Uchtála**
   Measúnú agus socrúcháin uchtála
   Seirbhísí uchtálaidirthíortha

7. **Monatóireacht agus Cigireacht**
   **Foirne monatóireachta agus cigireacht**
8. **Seirbhísí Luathbhlianta**
   Seirbhísí Cigireachtaí Réamhscoile
   Seirbhísí Comhairleacha Feighlithe Leanaí

9. **Forbairt Fórsa Oibre**
   Clár Forbartha Ceannaireachta do Bhainisteoirí Nua
   Ionduchtú
   Maoirseacht
   Gníomhaireacht um Bunoiliúint ChildrenFirst/An Garda SíóchánaComhoiliúint 2011
   ChildrenFirst
   Forbairt agus Tacaíocht Cleachtais
   Scileanna Seomra Cúirte
   Foréigean teaghlaigh, gnéasach agus inscne-bhunaithe

10. Measúnachtaí arna ndéanamh faoi Ordú Cúirte Alt 20
11. Seirbhís Leasa Oideachais
    Seirbhísí reachtúla agus seirbhísí arna soláthar faoi phlean gnímh DEIS (DeliveringEqualityofOpportunity in Schools) don Chuimsitheacht Oideachais
12. Foréigean teaghlaigh, gnéasach agus inscne-bhunaithe
    Tearmainn do dhaoine a éigníodh
    Ionad Géarchéime do Dhaoine a Éigniodh
    Seirbhísí Tacaíochta
    Eagraíochtaí gréasáaithe

(page 26)
Nótaí